

Scéim Teanga
Chomhairle Contae Mhaigh Eo
2015 – 2018
Faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha
Oifigiúla 2003

(english version below)

Clár

Cuid 1 Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá agus Cúlra	4
1.2 An Ghaeilge i gContae Mhaigh Eo	4
1.3 Réiteach na Scéime Teanga	5
1.4 Ábhar na Scéime Teanga	5
1.5 Dáta Tosaigh na Scéime Teanga	5
1.6 Léargas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo	5
1.7 Custaiméirí agus Cliaint	6
1.8 Measúnú ar Sheirbhísí Reatha trí Ghaeilge	6

Cuid 2 Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí na Comhairle

2.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal	7
2.2 Cumarsáid Scríofa	8
2.2.1 Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais	8
2.2.2 Foilseacháin	8
2.2.3 Preaseisiúintí	8
2.2.4 Suíomh Idirlín	8
2.2.5 Fógraí	9
2.3 Cumarsáid ó Bhéal	9
2.3.1 Fáiltiú/Lasc-chlár	9
2.3.2 Cruinnithe Poiblí	9

Cuid 3 Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí na Rannóg

3.1 Teanga Oibre gach Rannóg	10
3.1.1 Rannóga a chuireann Seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge	10
3.1.2 Rannóga a chuireann Seirbhísí dátheangacha ar fáil	10
3.1.3 Rannóga a chuireann Seirbhísí ar fáil trí Bhéarla amháin	10

Cuid 4

Feabhas ar Sheirbhísí a chuirtear ar fáil go dátheangach

4.1 Polasaí Ginearálta	11
4.1.1 Feasacht an Phobail	11
4.1.2 Feasacht na Foirne	12
4.2 Teicneolaíocht Faisnéise	12
4.3 Earcú & Socrúchán	13
4.4 Oiliúint & Forbairt	13
4.4.1 Acmhainní agus Tacaíocht Teanga	14
4.5 An Ghaeltacht	14
4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Eile Gaeilge agus Gaeltachta	15

Cuid 5

Monatóireacht, Athbhreithniú & Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú	15
5.2 Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe	15

Cuid 1

1.1 Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an scéim seo de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Ar 1 Meitheamh 2014 rinneadh Comhairle Baile Bhéal an Átha, Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh agus Comhairle Baile Chathair na Mart a chorprú le Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus "Comhairle Contae Mhaigh Eo" a thabharfar orthu uile le chéile as seo amach. Is í seo an dara scéim a d'ullmhaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Forálann Alt 15 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraítear trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh d'fhráma ama chomhaontaithe.

Aithníonn Comhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí agus ag an bpobal a rogha teanga a úsáid agus iad ag déileáil linn, agus go bhfreastlófar orthu sa teanga sin, bíodh sin trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí ag an scéim teanga seo ná a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí á gcur ar fáil ar chaighdeán níos airde trí mheán na Gaeilge.

1.2 An Ghaeilge i gContae Mhaigh Eo

Is é Contae Mhaigh Eo an tríú contae is mó in Éirinn, ina bhfuil trí cheantar Gaeltachta, roinnt pobail oileáin, imeallbhord de bheagnach 1,168 ciliméadar agus daonra de 130,638. Tá cónaí ar 8.33% den daonra seo i nGaeltachtaí Mhaigh Eo; Acaill, Iorras agus Tuar Mhic Éadaigh. Tá Gaeilge ag 43.58% de dhaonra an chontae.

Tá 6 naíonra, chomh maith le 25 bunscoil agus 5 mheánscoil suite i nGaeltachtaí Mhaigh Eo, mar aon le 4 Ghaelscoil agus 6 naíonra lonnaithe lasmuigh de na Gaeltachtaí. Tá go leor fiontair agus féilte ag feidhmiú trí Ghaeilge sa chontae; Scoil Acla, Coláiste Uisce, Ceol na Locha, Coláiste Mhuigh Eo, Coláiste Néifinn, agus Féile an Fhómhair ina measc.

Tá pobal bríomhar Gaeilge i gContae Mhaigh Eo a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí na nEagraíochtaí Gaeilge agus Cultúir ar fud an chontae agus áirítear orthu sin Coiste Forbartha Thuar Mhic Éadaigh, Comhar Dún Chaocháin, Comhar Deirbhíle, Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla, Conradh na Gaeilge, Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Gnó Mhaigh Eo.

Is fianaise é an rath iontach atá faoi na heagraíochtaí seo ar an spéis atá ag an bpobal sa Ghaeilge agus sna hiarrachtaí atá á ndéanamh acu an teanga a choinneáil breá láidir i gContae Mhaigh Eo, agus tá sé i gceist ag Comhairle Contae Mhaigh Eo forbairt a dhéanamh ar na hiarrachtaí sin agus tacú leo.

Tuigeann Comhairle Contae Mhaigh na dúshláin mhóra atá ann d'inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail i nGaeltachtaí Mhaigh Eo, agus tá sí tiomanta don Ghaeltacht a chaomhnú agus a fhorbairt.

1.3 Réiteach na Scéime

Réitíodh an scéim seo de réir treoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. D'fhoilsigh Comhairle Contae Mhaigh Eo fógra faoi Alt 13 den Acht ag cuardach aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le réiteach na dréachtscéime faoi Alt 15. Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo suirbhé inmheánach ar chumas agus toilteanas na foirne déileáil le custaiméirí trí mheán na Gaeilge. Rinneadh suirbhé leictreonach ar dhaoine agus eagraíochtaí a bhíonn ag déileáil go rialta le Comhairle Contae Mhaigh Eo chomh maith.

Cuireadh na haighneachtaí a fuarthas ó na páirtithe leasmhara, mar aon le tuairimí agus moltaí fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo san áireamh i réiteach na scéime seo.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo thar a bheith buíoch de chuile dhuine agus eagraíocht a chuir an stró orthu féin a bheith rannpháirteach i réiteach na scéime seo.

1.4 Ábhar na Scéime Teanga

Is é bunchuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeidh infhaighteacht níos fearr, agus caighdeán níos airde, ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Tógann an scéim seo ar an dul chun cinn a baineadh amach ar fud na heagraíochta ó cuireadh an chéad scéim i bhfeidhm. Leagann sí amach gealltanais thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus a foirne d'fhonn raon na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair a fhorbairt agus sainiathníonn sí réimsí le feabhsú amach anseo.

1.5 Dáta Tosaigh na Scéime Teanga

Tiocfaidh an scéim seo i bhfeidhm le héifeacht ón 21 Meán Fómhair 2015, agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana ón dáta sin nó go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, pé acu is déanaí.

1.6 Léargas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo an réimse seirbhísí thíosluaite ar fáil. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as riaradh Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Ráiteas Misin

Cuirimid romhainn é feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála daoine a bhfuil cónaí orthu i Maigh Eo agus cur le mealltacht an chontae mar áit chun cónaí ann, chun saothrú ann, chun infheistíocht a dhéanamh ann agus chun taitneamh a bhaint as.

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo an iliomad seirbhísí ar fáil a mbíonn tionchar acu ar shaol gach saoránaigh sa chontae. Is féidir na seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil a bhriseadh síos in ocht gclárghrúpa:

- Tithíocht agus Tógáil
- Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Soláthar Uisce agus Séarachas
- Spreagadh agus Rialú Forbartha
- Cosaint an Chomhshaoil
- Caitheamh Aimsire agus Áiseanna
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Cúrsaí Ginearálta agus Ilghnéitheacha

1.7 Custaiméirí agus Cliaint

Freastlaíonn an Chomhairle go príomha ar phobal Chontae Mhaigh Eo, ina raibh 130,638 duine in 2011. Tá cónaí ar 8.33% den daonra seo i nGaeltachtaí an chontae; Acaill, Iorras agus Tuar Mhic Éadaigh. Tá Gaeilge ag 43.58% de dhaonra an chontae.

Ina theannta sin bíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo ag obair agus i dteagmháil leis na heagraíochtaí agus na grúpaí seo a leanas:

- An tAire agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An tAire agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aireachta eile
- Grúpaí pobail áitiúla
- Údarás na Gaeltachta
- Gníomhaireachtaí eile Stáit
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údarás Áitiúla agus Réigiúnacha Eile
- Eagrais de chuid an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí Seirbhíse san Earnáil Phríobháideach
- Gnólachtaí áitiúla

1.8 Measúnú ar Sheirbhísí Reatha trí mheán na Gaeilge

Déanann an scéim seo, an dara scéim, tuilleadh forbartha ar raon na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Sainaithnítear i gcorp na scéime na réimsí seirbhíse de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo atá le feabhsú amach anseo. Tá tiomantas sa scéim chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge chun a chinntiú go leanann an Chomhairle ar aghaidh ag freastal ar an éileamh seo ar bhonn réamhghníomhach, pleanáilte, agus soiléir. Leanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo le húsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht a chur chun cinn, déanfar gach dícheall an t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mhéadú

agus déanfar monatóireacht ar líon na bhfiosrúchán agus na n-iarratas a fhaightear ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge.

- Ba fhoirse thábhachtach thagartha i réiteach na scéime seo í an Chairt Chustaiméirí a ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo ar an 9 Márta 2009. Leagann Cairt Chustaiméirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo amach an chaoi a ndéileáil an eagraíocht iomlán leis an bpobal agus leagtar amach na seirbhísí a d'fhéadfadh an pobal a bheith ag súil leo.
- Tá an fhoireann fíor-thábhachtach sa phróiseas seo chomh maith agus rinneadh suirbhé foirne mar chuid de réiteach na scéime seo. Braitheann an soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge go mór mór ar rannpháirtíocht fairsing foirne.
- Tá pleananna teanga á bhforbairt ag pobail Ghaeltachtaí Mhaigh Eo. Cuireann na cáipéisí seo in iúl do Chomhairle Contae Mhaigh Eo an leibhéal tacaíochta atá ag teastáil ó Ghaeltachtaí Mhaigh Eo.
- Is í an ghné dheireanach a aithníodh sa chuid seo ná éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ó dhaoine agus eagraíochtaí laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Rinneadh suirbhé ar dhaoine agus eagraíochtaí a bhíonn ag déileáil go rialta le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Léiríodh éileamh sách íseal ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge sa suirbhé nuair a chuimhnítear go bhfuil cónaí ar 8.33% de phobal an chontae sa Ghaeltacht, ach léiríonn sé go raibh daoine an-sásta le soláthar seirbhísí, agus 78% á rá go raibh siad “sásta” nó “iomlán sásta”. Léiríonn an suirbhé seo agus an suirbhé foirne araon go bhfuil géarghá le leibhéal na feasachta i measc an phobail a ardú go bhfuil seirbhísí i nGaeilge ar fáil, agus go gcuirfear, de réir a chéile, leis an éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge dá bharr.

Cuid 2

Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí na Comhairle

Is í bunchuspóir na scéime seo ná a chinntiú go gcuirfear níos mó seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge agus ar chaighdeán níos airde.

2.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Áirítear ar na modhanna cumarsáide seo:-

- Broisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Suíomh Idirlín
- Fógraí

2.2 Cumarsáid Scríofa

2.2.1 Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais

- Tá bileoga eolais agus foirmeacha iarratais á n-eisiúint go hiomlán dátheangach taobh istigh d'aon chlúdach amháin, ach amháin sa chás nach bhfuil sé seo indéanta mar gheall ar mhéid, nádúr, nó leagan amach an ábhair.
- Sa chás nach bhfuil sé indéanta bileoga agus foirmeacha iarratais atá ann cheana féin a phriontáil go dátheangach mar gheall ar mhéid, nádúr, nó leagan amach an ábhair, cuirfear ráiteas leis an leagan Béarla á chur in iúl go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil.
- Leanfar le foirmeacha iarratais agus cáipéisí gaolmhara a chur ar fáil ar an suíomh idirlín sa dá theanga oifigiúla, le híoslódáil uaidh nó le leagan isteach ar líne.

I gcás bróisiúir, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais atá eisithe ag forais eile, iarrfar orthu go dícheallach leagan dátheangach a chur ar fáil.

2.2.2 Foilseacháin

- Eiseofar cáipéisí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla le chéile taobh istigh d'aon chlúdach amháin, ach amháin sa chás nach bhfuil sé seo indéanta mar gheall ar mhéid, nádúr, nó leagan amach an ábhair.
- Go ginearálta, foilseofar Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Bhuiséid, Pleananna agus Doiciméid Bheartais mar chomhaid PDF ar an suíomh idirlín nó ar CD ROM i dtreo costais phriontála nach bhfuil riachtanach a sheachaint agus ionas gur féidir iad a eisiúint go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla agus taobh istigh d'aon chlúdach amháin.

2.2.3 Preaseisiúintí

- Cuirtear preaseisiúintí a bhaineann le Gaeltachtaí Mhaigh Eo agus/nó leis an nGaeilge ar fáil go dátheangach agus dáiltear ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla iad. Déanfar gach iarracht é seo a dhéanamh go comhuaineach.
- Leanfar leis an nós go mbíonn gach preaseisiúint eile ar fáil go dátheangach.

2.2.4 Suíomh Idirlín

- Tá thart ar 62% d'ábhar buan www.mayococo.ie ar fáil go dátheangach, ach os rud é go mbíonn síorathrú agus nuashonrú á dhéanamh ar an ábhar beidh idir 95 agus 100% d'ábhar buan an tsuímh dátheangach faoi dheireadh na scéime seo. Cuirfear ábhar ar leith, cáipéisí teicniúla srl. ar fáil i mBéarla amháin ar an suíomh idirlín. D'fhéadfaí óráidí, cur i láthair srl. a fhoilsiú sa teanga inar cuireadh i láthair iad.
- Tá an seoladh gréasáin www.cocomhaigheo.ie beo anois agus é nasctha leis an leagan Gaeilge de leathanach baile shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- I dtreo riachtanais inrochtana a chomhlíonadh cuirfear leaganacha aonteangacha amháin de cháipéisí áirithe ar fáil ar an suíomh idirlín sa chaoi go mbeidh siad comhoiriúnach le léitheoirí scáileáin.

2.2.5 Fógraí

- Cé nach bhfuil dualgas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo fógraí a fhoilsiú go dátheangach, leanfaimid orainn ag foilsiú cuid dár bhfógraí go dátheangach nuair a mheastar cuí é.
- I gcásanna eile, féadfar an ráiteas a leanas a chur leis an bhfógra “Cuirimid fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge” le cur in iúl go gcuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

2.3 Cumarsáid ó Bhéal

2.3.1 Fáiltiú/Lasc-chlár

- Is iad baill foirne na n-oifigí fáilte/an lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Mhaigh Eo a chinntiú go mbeidh Cleachtais um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí curtha i bhfeidhm sa réimse seo, is éard atá i gceist leis seo ná:
 - go bhfuil foireann na n-oifigí fáilte/an lasc-chláir in ann ainm na Comhairle a thabhairt i nGaeilge, agus
 - go bhfuil siad eolach ar na beannachtaí bunúsacha Gaeilge, ar a laghad. Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear an pobal i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá uathu a sholáthar trí Ghaeilge, más ann dó.
- Beidh fógraí ar taispeáint sna príomhoifigí fáilte agus ag na cuntair phoiblí i ngach aon rannóg ag cur fáilte roimh an bpobal Gaeilge a úsáid, agus foilseofar ar an inlíon ainmneacha na mball foirne i ngach rannóg atá in ann agus toilteanach seirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

2.3.2 Cruinnithe Poiblí

- Tá iarrachtaí déanta gné den dátheangachas a chur i bhfeidhm i ngach cruinniú den Chomhairle agus i gcruinnithe poiblí ar fud an chontae.
- Fáilteofar roimh ionchur ón bpobal i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe a eagraíonn an Chomhairle leis an bpobal.
- Tá gné den dátheangachas curtha i bhfeidhm in imeachtaí poiblí go léir mar chuid d’iarrachtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo an Ghaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.
- Tá urlabhra údarásach ar fáil chun ráitis agus agallaimh (mar is cuí) a thabhairt do na meáin Ghaeilge.

Cuid 3

Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí na Rannóg

Tugann an chuid seo sonraí ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla sna rannóga agus oifigí éagsúla de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

3.1 Teanga Oibre gach Rannóg

3.1.1 Rannóga a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge

Oifigeach Forbartha Gaeilge

- Bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo post lánaimseartha mar Oifigeach Forbartha na Gaeilge i mí Márta 2008.
- Is iad dualgais Oifigeach Forbartha na Gaeilge ná úsáid na Gaeilge sa chontae a chothú agus a chur chun cinn, agus polasaí dátheangach Chomhairle Contae Mhaigh Eo a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil an pobal in ann a rogha teanga oifigiúil a úsáid agus iad i mbun gnó leis an gComhairle.
- Is trí mheán na Gaeilge a dhéanann an tOifigeach Forbartha Gaeilge a c(h)uid oibre agus a chuirtear seirbhísí ar fáil, ach amháin nuair a iarrtar seirbhís trí mheán an Bhéarla.
- Tá roinnt rannóg/oifigí in ann a gcuid seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge anois, agus táimid ag súil le cur leis an líon seo faoi dheireadh na scéime. Tá sé mar chuspóir againn go mbeidh gach oifig agus leabharlann lonnaithe sa Ghaeltacht ag obair trí mheán na Gaeilge faoi dheireadh na scéime seo.
- Tá sé mar chuspóir againn go gcuirfead seirbhís dhátheangach ar fáil i ngach rannóg agus oifig de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo le linn shaolré na scéime seo.

3.1.2 Rannóga a chuireann seirbhísí dátheangacha ar fáil

- Tá an Oifig Cheantair agus an Leabharlann i mBéal an Mhuirthead chomh maith le Leabharlann Acla in ann a gcuid seirbhísí a chur ar fáil go dátheangach anois.

3.1.3 Rannóga a chuireann seirbhísí ar fáil trí Bhéarla amháin

- Cuireann an chuid is mó de na rannóga a gcuid seirbhísí ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin. Tá cur síos ar ghealltanais Chomhairle Contae Mhaigh Eo maidir leis an bhfeabhas a chuirfead ar raon agus leibhéal na seirbhísí dátheangacha le linn shaolré na scéime leagtha amach i gCuid 4 den scéim seo.

Cuid 4

Feabhas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil go dátheangach

4.1 Polasaí Ginearálta

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta do leordhóthanach foirne a bheidh in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge a lonnú i ngach aon rannóg de chuid na Comhairle a bhíonn ag déileáil leis an bpobal go rialta.

Is í an phríomhchuspóir aige seo ná atmaisféar an dátheangachais a chruthú agus a chothú taobh istigh de gach rannóg den Chomhairle ionas go mbraithfidh na custaiméirí a labhraíonn Gaeilge go gcuirfear fáilte roimh ghnó trí Ghaeilge, go spreagfar iad chun a dhéanamh amhlaidh, agus go mbeidh na custaiméirí agus an lucht foirne araon ar a gcompord agus iad ag déanamh a gcuid gnó trí mheán na Gaeilge.

- Faoi mar atá leagtha amach sa chéad scéim, déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cinnte go bhfuil na struchtúir chúil i bhfeidhm ionas go mbeidh seirbhís iomlán dátheangach ar fáil ag na cuntair phoiblí ar fud na Comhairle.

4.1.1 Feasacht an Phobail

Rinneadh suirbhé ar dhaoine agus eagraíochtaí a bhíonn ag déileáil go rialta le Comhairle Contae Mhaigh Eo mar chuid den phróiseas comhairliúcháin roimh réiteach na scéime seo, agus cé gur léiríodh éileamh sách íseal ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge sa suirbhé, thug 66% le fios go mbainfidís úsáid as seirbhís trí mheán na Gaeilge dá mbeadh a fhios acu go raibh an tseirbhís ar fáil agus léirigh 89% gur mhaith leo a gcuid Gaeilge a úsáid níos minice. Léiríonn an suirbhé seo agus an suirbhé foirne, mar ar thug 67% le fios gur mhaith leo an deis a bheith acu a gcuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge, go bhfuil géarghá le leibhéal feasachta níos airde ar fhorálacha na scéime teanga i measc an phobail agus na foirne, agus go gcuirfidh sé sin, de réir a chéile, le muinín an phobail sna seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge agus ar an éileamh orthu chomh maith.

Tá sé molta an t-éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a mhéadú sna rannóga éagsúla trí aird an phobail a tharraingt ar infhaighteacht na seirbhísí seo.

- Beidh fógraí cuí le feiceáil ag cuntair phoiblí, oifigí fáilte srl. á gcur in iúl go bhfuil seirbhísí trí mheán na Gaeilge ar fáil.
- Cuirfear an ráiteas - “cuirimid fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge” - leis an séanadh caighdeánach i gcóras ríomhphoist na Comhairle.
- Cuirfear ráiteas le foirmeacha iarratais (sa chás nach bhfuil leagan dátheangach den fhoirm foilsithe taobh istigh d’aon chlúdach amháin) ag tabhairt le fios go bhfuil an fhoirm iarratais ar fáil i nGaeilge freisin.
- Fógrófar seirbhísí éagsúla atá ar fáil trí mheán na Gaeilge inár nuachtlitir mhíosúil.
- Airdeallach ar an drogall a bhíonn ar Ghaeilgeoirí uaireanta seirbhísí a lorg trí Ghaeilge toisc nach mbíonn téarmaí áirithe ar eolas acu, déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh

Eo cinnte go mbeidh an Ghaeilge a úsáidtear i bhfoilseacháin soléite agus intuigthe agus ag cloí leis an gCaighdeán Oifigiúil ó thaobh litrithe agus gramadaí de.

4.1.2 Feasacht na Foirne

Sa suirbhé a rinneadh le foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo, léirigh 67% den fhoireann a d'fhreagair gur mhaith leo an deis a bheith acu seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tá súil againn go mbeidh Comhairle Contae Mhaigh Eo in ann cur le líon na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge trí oiliúint agus tacaíocht chuí a chur ar fáil don fhoireann mar aon lefeasacht ar fhorálacha na scéime teanga a ardú.

- Scaipfean an scéim chomhaontaithe i measc fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus foilseofar ar an inlíon í.
- Déanfaidh an lucht stiúrthóireachta agus na rannóga éagsúla cinnte go bhfuil gach ball den fhoireann ar an eolas faoi riachtanais agus impleachtaí na scéime.
- Tionólfar seimineár eolais do na bainisteoirí líne lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi riachtanais agus impleachtaí na scéime.

4.2 Teicneolaíocht Faisnéise

Baintear úsáid fhorleathan as an Idirlíon nuair a bhíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo ag déileáil lena custaiméirí, agus tá an úsáid sin ag dul i bhfairsinge i gcónaí.

- Tá an séanadh caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist dátheangach. Cuirfean an ráiteas - “cuirimid fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge” - leis an séanadh caighdeánach sa chóras ríomhphoist.
- Déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo iarracht a chinntiú go mbeidh aon bhogearra ríomhaire nua a cheannófar go neamhspleách amach anseo, agus nach ón mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil é, go mbeidh sé oiriúnach don Ghaeilge.
- Tá na seoltaí ríomhphoist eolas@mayococo.ie agus gaeilge@mayococo.ie curtha ar an suíomh idirlín ar mhaithe le custaiméirí a spreagadh agus a éascú chun teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Mhaigh Eo i nGaeilge. Cinnteofar go dtabharfar freagra go pras ar na fiosrúcháin sin díreach mar a dhéantar le fiosrúcháin trí mheán an Bhéarla.
- Tá na córais nua idirghníomhacha atá in úsáid ag an bpobal oiriúnach don Ghaeilge. Déanfar na córais atá i bhfeidhm faoi láthair a shocrú le bheith oiriúnach don Ghaeilge an chéad uair eile a dhéanfar uasghrádú ar na córais sin.

4.3 Earcú & Socrúchán

Tabharfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna aghaidh ar cheist na Gaeilge i dtaobh cúrsaí earcaíochta, oiliúna agus bainistíochta foirne de.

- Beidh aird againn, i gcomhthéacs ár bpolasaithe earcaíochta agus inaistrithe foirne, ar oilteacht i nGaeilge (idir scríobh agus labhairt) má chabhraíonn sé chun tiomantais shonracha atá tugtha sa scéim seo a bhaint amach. Déanfar corprú ar shaincheisteanna dá leithéid tríd an bPróiseas Comhpháirtíochta.
- Tógfar riachtanais agus dualgais gach rannóg maidir le seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge san áireamh nuair atá baill foirne á socrú nó á n-aistriú taobh istigh den eagraíocht.

4.4 Oiliúint & Forbairt

Tá sé mar bhunsrioc straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo foireann agus Comhairle tofa atá oilte, solúbtha agus spreagtha a fhorbairt, a thuigeann agus a fhreagraíonn don timpeallacht athraitheach ina bhfuilimid. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach foireann dhea-oilte a bheith aici chun seirbhís éifeachtach fheidhmiúil a chinntiú. Má táthar chun barr feabhais leanúnach a chur air seo, ní mór dúinn eolas, scileanna agus cumas gach ball foirne a fhorbairt chomh maith agus is féidir.

I bhfianaise Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na scéime seo, déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna an méid seo a leanas:

- A chinntiú go dtabharfar an spreagadh agus na deiseanna céanna do gach ball foirne agus Comhairleoir chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí chúrsaí oiliúna agus forbartha, cúrsaí oiliúna laistigh de ghnáthuaireanta oibre san áireamh, ionas go mbeidh an tinreamh agus ábharthacht na gcúrsaí d'obair na Comhairle chomh maith agus is féidir leis a bheith.
- Ó cuireadh tús leis an gcéad scéim againn tá Diplóma sa Ghaeilge ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge bainte amach ag 10 den fhoireann, agus d'fhreastail 40 eile ar ranganna Gaeilge neamhfhoirmeálta.
- Feasacht teanga a bheith mar chuid de chúrsaí ionduchtaithe agus de chúrsaí oiliúna i Seirbhísí do Chustaiméirí i gcónaí, ionas go mbeidh an fhoireann:
 - in ann a thuiscint cén fáth a bhfuil polasaí um Sheirbhís trí Ghaeilge á fhorbairt ag Comhairle Contae Mhaigh Eo
 - in ann comhthéacs agus cúlra an pholasaí a thuiscint; agus
 - go hiomlán ar an eolas maidir leis an gcaoi a rachaidh an polasaí i bhfeidhm ar a gcuid oibre.

4.4.1 Acmhainní agus Tacaíocht Teanga

Leanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ag lorg agus ag tacú leis na baill foirne sin atá sásta seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar i rannóga cuí ar fud na Comhairle.

- Liosta de chomhlachtaí agus daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil don fhoireann.
- Cuimhne aistriúcháin a fhorbairt chun an t-ualach aistriúcháin a laghdú.
- Eolas agus acmhainní teanga a bheith ar fáil go héasca don fhoireann uile, foclóirí mar shampla.
- An chuid 'Gaeilge' den inlín a nuashonrú go rialta le nathanna cainte, téarmaí, litreacha samplacha, cuiridh, facs, foirmeacha srl., mar áis tacaíochta don fhoireann.
- Acmhainní ar-líne ar nós tearma.ie, logainm.ie, focloir.ie srl. a chur chun cinn i measc na foirne.
- Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta do thograí cultúrtha a thacaíonn agus a spreagann úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Féachfar ar dheiseanna chun an Ghaeilge a fhorbairt trí imeachtaí sóisialta neamhfhoirmeálta, agus ar fhéidearthachtaí chun imeachtaí den chineál sin a reáchtáil i gcomhar le comhlachtaí poiblí nó eagraíochtaí eile stáit atá ag feidhmiú i gContae Mhaigh Eo
- An fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi raon na n-imeachtaí Gaeilge agus cultúrtha a bhíonn ar siúl i gContae Mhaigh Eo.

4.5 An Ghaeltacht

- Tá na Gaeltachtaí in Acaill, Iorras agus Tuar Mhic Éadaigh laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil riachtanais faoi leith ag na Gaeltachtaí mar lárionaid dár n-oidhreacht teangeolaíochta agus cultúrtha.
- Tuigeann Comhairle Contae Mhaigh Eo na dúshláin mhóra atá ann d'inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail i nGaeltachtaí Mhaigh Eo, agus táthar tiomanta don Ghaeltacht a chaomhnú agus a fhorbairt agus beidh sé seo ina thosaíocht i gcónaí.
- De réir Alt 13(e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta don Ghaeilge a bheith mar theanga oibre gach oifige de chuid na Comhairle atá lonnaithe sa Ghaeltacht faoin mbliain 2025.
- Reáchtálfar cruinnithe poiblí sa Ghaeltacht trí Ghaeilge le tacaíocht chuí dóibh siúd nach labhraíonn Gaeilge.
- Beidh eolas atá dírithe ar phobal na Gaeltachta ar fáil i nGaeilge amháin nó i mBéarla agus i nGaeilge mar is cuí. Áirítear leis seo bróisiúir, bileoga eolais, foirmeacha iarratais, preaseisiúintí, cáipéisí polasaí, agus suíomh idirlín, sa chás go bhfuil siad faoi smacht na Comhairle.
- Baineann an Chomhairle úsáid as an Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla.

4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Eile Gaeilge agus Gaeltachta

Aithníonn Comhairle Contae Mhaigh Eo agus glacann sí leis na tosaíochtaí teangeolaíochta faoi leith atá ag na 6 naíonra, 25 bunscoil agus 5 mheánscoil atá suite i nGaeltachtaí Mhaigh Eo, ag na 4 Ghaelscoil agus 6 naíonra lonnaithe lasmuigh de na Gaeltachtaí, chomh maith le heagraíochtaí, gnólachtaí agus grúpaí Gaeilge agus Gaeltachta eile atá ag feidhmiú sa chontae agus go náisiúnta.

Tabharfar tosaíocht do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge do na heagrais agus na grúpaí áirithe seo le linn shaolré na scéime seo.

- Beidh aon chomhfhreagras a thosaítear le scoileanna Gaeilge, le Gaelscoileanna agus le heagraíochtaí nó grúpaí eile Gaeilge i nGaeilge amháin nó go dátheangach agus tugadh tosaíocht do sholáthar seirbhísí Gaeilge do na hinstiúidí agus na heagrais seo le linn shaolré na chéad scéime agus leanfar leis an bpolasaí seo.
- Tá ábhair le haghaidh scéimeanna áirithe ar nós an *Oifigeach Sóisearach Sábháilteachta Bóthair* agus *Scéim na Scoileanna Glasa*, a riarann Comhairle Contae Mhaigh Eo, ar fáil go dátheangach anois.

Cuid 5

Monatóireacht, Athbhreithniú & Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Coimeádfaidh Bainisteoirí Sinsearacha Chomhairle Contae Mhaigh Eo gníomhú éifeachtach na scéime seo faoi athbhreithniú.

- Is iad na bainisteoirí líne i ngach ceann de na rannóga a dhéanfaidh gnáthmhonatóireacht ar an scéim seo mar is iadsan, le tacaíocht ón Oifig Gaeilge, atá freagrach as cur i bhfeidhm na scéime laistigh dá réimsí féin agus tuairisceoidh siad ar bhonn rialta chuig an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha.
- Beidh sonraí faoi dhul chun cinn foilsithe i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Tá sé i gceist againn cuntas a choinneáil ar shonraí agus líon na n-iarratas ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a gheofar le linn shaolré na scéime seo. Cuideoidh sé seo lenár n-iarrachtaí chun barr feabhais a chur ar sholáthar ár gcuid seirbhísí trí Ghaeilge.

5.2 Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar shonraí na scéime seo ar bhealaí éagsúla, na bealaí seo a leanas ina measc:

- Seoladh oifigiúil na scéime;
- An scéim a fhoilsiú ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhaigh Eo;
- Seolfar cóip den scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge leagan oifigiúil na scéime.

Mayo County Council
Language Scheme
2015 - 2018
Under Section 15 of the Official Languages
Act 2003

Contents

Section 1

Introduction and Background

1.1 Introduction and Background	4
1.2 Irish Language in County Mayo	4
1.3 Preparation of the Language Scheme	5
1.4 Content of the Language Scheme	5
1.5 Commencement Date of the Language Scheme	5
1.6 An Overview of Mayo County Council	5
1.7 Customers and Clients	6
1.8 Assessment of services currently available through Irish	6

Section 2

Provision of Council Services/Activities

2.1 Communication with the Public	7
2.2 Written Documentation	8
2.2.1 Brochures, Information Leaflets & Application Forms	8
2.2.2 Publications	8
2.2.3 Press Releases	8
2.2.4 Website	8
2.2.5 Advertisements	9
2.3 Oral Communication	9
2.3.1 Reception/Switchboard	9
2.3.2 Public Meetings	9

Section 3

Summary of Services/Activities provided by Sections

3.1 Operating Language of Each Section	10
3.1.1 Sections Providing Services in Irish	10
3.1.2 Sections Providing Services Bilingually	10
3.1.3 Sections Providing Services through English only	10

Section 4

Enhancement of Services Provided Bilingually

4.1 General Policy	11
4.1.1 Public Awareness	11
4.1.2 Staff Awareness	12
